Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15116/23**

**RECH 487**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | *Ullmhúcháin don Chomhairle (Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás)) an 7-8 Nollaig 2023*<br>Luachshocrú taighde mar uirlis le haghaidh téarnamh agus athléimneacht eacnamaíoch agus thionsclaíoch<br>- Díospóireacht bheartais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo nóta ón Uachtaránacht maidir le 'Luachshocrú taighde mar uirlis le haghaidh téarnamh agus athléimneacht eacnamaíoch agus thionsclaíoch' in oirchill na díospóireachta beartais a bheidh ar siúl ag an gComhairle Iomaíochais an 8 Nollaig 2023.

## **Luachshocrú taighde mar uirlis le haghaidh téarnamh agus athléimneacht eacnamaíoch agus thionsclaíoch**

## **Díospóireacht bheartais**

Le blianta beaga anuas, tá an domhan, lena n-áirítear an tAontas Eorpach, ag tabhairt aghaidh ar ghéarchéimeanna leanúnacha agus ar dhúshláin phráinneacha fuinnimh agus eacnamaíocha, ar gá na slabhraí luacha a neartú lena dtabhairt fúthu, go háirithe in earnálacha criticiúla ar nós na hintleachta saorga, na leathsheoltóirí agus na dteicneolaíochtaí doimhne agus digiteacha. Ní mór don Aontas freisin aghaidh a thabhairt ar an nganntanas saothair agus scileanna sna hearnálacha straitéiseacha sin agus a bheith chun tosaigh i bhforbairt na mbeartas nua chun réitigh theicneolaíocha éifeachtacha a bhaint amach agus a fhorbairt a bheidh chun tairbhe na sochaí i gcoitinne. Sa chomhthéacs sin, tá béim á cur ag ceannairí polaitiúla ar a thábhachtaí atá ról na heolaíochta agus na nuálaíochta ó thaobh corr nua a chur sa scéal.

Tá beartais taighde agus nuálaíochta (T & N) curtha chun cinn ar bhealach gníomhach ag an Aontas agus a Bhallstáit trí na chláir réime T & N i ndiaidh a chéile agus tríd an Limistéar Eorpach Taighde, le gníomhaíochtaí atá dírithe ar fhiontraíocht T & N, gnólachtaí nuathionscanta, FBManna, gnólachtaí atá ag méadú agus comhpháirtíochtaí leis an tionscal a chothú. Mar thoradh air sin, tá aitheantas bainte amach ag an Aontas as a bharr feabhais in T & N, lena n-áirítear tosca ar nós na cáilíochta, na húrnuachta, an tionchair agus an rannchuidithe. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach mbíonn nuálaíochtaí a ghineann luach don tsochaí mar thoradh ar gach taighde eolaíoch, agus nach mbíonn gach taighde ag freagairt do thosaíochtaí polaitiúla. Mar sin féin, níl aon dabht go bhfuil sé ríthábhachtach tionchar na dtorthaí taighde a uasmhéadú chun geilleagar inbhuanaithe a bhunú, geilleagar lena gcuirfidh feabhas ar an tsochaí agus ar dhea-bhail na saoránach. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh sé mar thosaíocht straitéiseach Eorpach réitigh láidre a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní airgeadais agus rialála T & N.

Faoi Uachtaránacht na Seicia, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh Moladh maidir leis na treoirphrionsabail le haghaidh luachshocrú eolais. Tá sraith de 24 threoirphrionsabal sa mholadh sin ón gComhairle i réimsí ar nós luachshocrú eolais i mbeartas T & N, scileanna agus cumas, dreasachtaí, bainistiú sócmhainní intleachtúla, ábharthacht i scéimeanna um maoiniú poiblí, piarfhoghlama, méadrachtaí, faireacháin agus meastóireachta. Tá raon feidhme na ngníomhaithe agus na ngníomhaíochtaí leathan, ag díriú ar éiceachóras iomlán T & N, lena n-áirítear lucht ceaptha beartas náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé cleachtais agus scileanna fiontraíochta a fhorbairt, agus ar an ngá le tionchar an taighde, na forbartha agus na nuálaíochta a mhéadú. Ina theannta sin, cuirtear cuir chuige fiontraíochta chun cinn leis an Moladh trí dhíriú ar eolas a úsáid agus a athúsáid chun an tionchar a mhéadú, agus beifear ag brath ar rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus go n-imreoidh siad ról gníomhach sa luachshocrú.

Mar sin féin, bíonn deacrachtaí ag an Aontas an mheicníocht cheart a aimsiú le leas a bhaint as an luachshocrú taighde agus freisin chun luach sóisialta agus eacnamaíoch a chruthú ón eolas. Is gá réimsí agus earnálacha éagsúla a nascadh agus sonraí, saineolas teicniúil agus torthaí taighde a chlaochlú ina dtáirgí, ina seirbhísí, ina réitigh agus ina mbeartais a bheidh inbhuanaithe, agus a shroichfidh an margadh agus a rachaidh chun tairbhe na sochaí. Tá dhá phríomhchonstaic ann, iad fite fuaite ina chéile, a chuireann bac ar luachshocrú eolais laistigh den Aontas: ‘gleann an bháis’, mar a thugtar air, a thrasnú agus aghaidh a thabhairt ar ‘paradacsa na nuálaíochta’. Is bacainní iad sin a dhéanann gur deacair an luach agus an tionchar is fearr a bhaint amach don tsochaí as na hinfheistíochtaí T & N. Is den ríthábhacht é go ndéanfaí ‘gleann an bháis’ a thrasnú agus ‘paradacsa na nuálaíochta’ a shárú má táthar chun rathúnas eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh a athbheochan, uathriail straitéiseach oscailte a bhaint amach, agus réitigh nuálacha ar na dúshláin dhomhanda a chur chun feidhme.

Le treoirphrionsabail an Aontais maidir le luachshocrú eolais i mbeartas T & N, féachtar lena áirithiú go bhféachfaidh na gníomhaíochtaí arna maoiniú go poiblí leis an úsáid shochaíoch agus an luachshocrú is leithne is féidir a bhaint as na sócmhainní intleachtúla arna gcruthú trí ghníomhaíochtaí T & N, agus feasacht á múscailt agus ceisteanna ceannasachta á gcur san áireamh, ag an am céanna, a mbeadh gníomhaithe uile an éiceachórais páirteach ann agus infheistíochtaí príobháideacha á ngiaráil. Thairis sin, leis an gClár Oibre Nua Eorpach um Nuálaíocht, tugtar isteach cuir chuige nua chun comhar a chothú i measc éiceachórais nuálaíochta na hEorpa agus béim á leagan ar réimsí teicneolaíochta straitéiseacha, ar nós na nGleannta Nuálaíochta Réigiúnacha, lena n-iarrtar straitéisí comhroinnte le haghaidh luachshocrú eolais.

Iarrtar ar na hairí a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na príomhdhúshláin a bhaineann le luachshocrú thorthaí an taighde chun tionscal agus geilleagar an Aontais a athbheochan?

2. Conas a chinntímid go bhfreagróidh luachshocrú taighde agus nuálaíochta do thosaíochtaí an Aontais agus do thosaíochtaí náisiúnta (e.g. na haistrithe glasa agus digiteacha) i gcomhréir le riachtanais na saoránach?

3. Cad iad na bearta náisiúnta atá curtha chun feidhme agaibh chun luachshocrú taighde a chur chun cinn ar thaobh an éilimh (e.g. soláthar poiblí, caighdeáin, feasacht saoránach) agus scileanna agus cláir foghlama a chur chun cinn lena gcothófar tuiscint ar phróiseas luachshocrú an eolais ó thaobh an tionscail de freisin?